| | |
|---|---|
| **Coláiste \| Aonad Bainistíochta:** | Cúrsaí Acadúla UCD |
| **Scoil \| Aonad:** | Rochtain & Foghlaim ar feadh an tSaoil |
| **Teideal an Phoist agus Réimse Ábhair:** | Oifigeach Tacaíochta Rochtana do Mhic Léinn |
| **Tréimhse an Phoist:** | Conradh sainchuspóra (tréimhse 11 mhí measta) |
| **Grád:** | Oifigeach Riaracháin II |
| **Cnuasach Poist agus Leibhéal Gairme:** | Bainistíocht & Oibríochtaí Acadúla & Cláir – Leibhéal Gairme 3 |
| **Uimhir Thagartha don Ghrádú Poist** | 2023-06-050 |
| **Bainisteoir Líne:** | Rochtain & Foghlaim ar feadh an tSaoil |
| **Uimhir Thagartha an Chomórtais:** | 018503 |
| **Riarthóir AD:** | Aline Burgos |

## Achoimre ar an bPost:

Is é ról Rochtain agus Foghlaim ar feadh an tSaoil (ALL) UCD ná tacaíocht a thabhairt don Ollscoil a bheith ina pobal scolártha éagsúil agus ionchuimsitheach. Ag tuairisciú don Leas-Stiúrthóir, beidh an tOifigeach Tacaíochta Rochtana do Mhic Léinn ina b(h)all lárnach de fhoireann ALL. Cuirfidh an té a n-éireoidh leo le tiomantas na hOllscoile do rannpháirtíocht a leathnú agus rochtain a fheabhsú do gach mac léinn, rud a chuirfidh timpeallacht ionchuimsitheach a bhfuil éagsúlacht agus comhionannas mar ghnáthchuid di, chun cinn.

Beidh freagracht shonrach ar shealbhóir an phoist as raon tacaíochtaí rochtana, comhairle, treorach agus atreoraithe a sholáthar de réir mar is gá, do réimse éagsúil mac léinn, lena n-áirítear iad siúd ó theaghlaigh ar ioncam íseal, mic léinn lánfhásta, dídeanaithe agus iarratasóirí cosanta, mionlaigh eitneacha, iad siúd a théann isteach tríd an gcosán QQI-FET agus baill den lucht Taistil.

## Príomhdhualgais agus Príomhfhreagrachtaí:

I measc na bpríomhdhualgas agus na bpríomhfhreagrachtaí seo agus níl siad teoranta dóibh, tá:

- Comhairle, treoir agus atreorú a chur ar fáil do réimse mac léinn, lena n-áirítear iad siúd ó theaghlaigh ar ioncam íseal, mic léinn lánfhásta, dídeanaithe agus iarratasóirí cosanta, mionlaigh eitneacha, iad siúd a théann isteach tríd an gcosán QQI-FET agus baill den phobal Taistil.
- Cúrsaí Rochtana na hOllscoile a chomhordú agus a fhorbairt lena n-áirítear tacaíocht agus treoir do mhic léinn.
- Comhoibriú agus comhar le hOifigí Cláir, Clárlann, Comhairleoirí Mac Léinn agus Dámh chun mic léinn rochtana ollscoile ar UCD a mhealladh, tacú leo, iad a choinneáil agus iad a chur chun cinn.
- Mar bhall den Fhoireann Tacaíochta Rochtana do Mhic Léinn, comhoibríonn sé/sí i ndearadh agus i seachadadh réimse na dtacaíochtaí do mhic léinn a theastaíonn, rud a fhágann go bhfuil siad ailínithe agus comhtháite le tacaíochtaí ar fud na hollscoile
- Comhairle agus treoir a chur ar fáil do mhic léinn maidir le saincheisteanna a bhaineann le hairgeadas
- I gcomhar le comhghleacaithe, an Clár Forbartha Ceannaireachta Rochtana a fhorbairt, a chur i bhfeidhm agus a mheas, ag cinntiú go ndéantar mic léinn faoi ghannionadaíocht a earcú, a oiliúint agus a chumasú chun gníomhú mar mheantóirí agus mar cheannairí.

© Acmhainní Daonna UCD

- Cur leis an gclár oibre Rochtain & Foghlaim ar Feadh an tSaoil chun tacú le cuspóir straitéiseach UCD cohórt éagsúil mac léinn a mhealladh agus a choinneáil.
- Cur le beartas, cleachtas, córais agus próisis chuimsitheacha a fhorbairt agus a chur chun feidhme i gcomhar le páirtithe leasmhara.
- Aon dualgais ábhartha eile de réir mar a ordóidh an Stiúrthóir/ainmnitheach.

De réir mar a leanann Rochtain agus Foghlaim ar Feadh an tSaoil UCD ag leathnú agus ag forbairt, is dócha go mbeidh gá le solúbthacht maidir le leithdháileadh dualgas ar leith. Dá bhrí sin, níl sé beartaithe go mbeadh liosta na ndualgas a shonraítear thuas eisiach nó sriantach; féadfar dualgais a chur leis nó a tharraingt siar de réir mar is gá.

**Scála Tuarastail: 95 Riarthóir Ii_2010 (0173_X) €50,974 - €65,154 in aghaidh na bliana**

Déanfar an ceapachán ar scála agus de réir threoirlínte na Roinne Airgeadais.
Tá sonraí maidir le hincháilitheacht don iomaíocht agus eolas faoi phinsean le fáil ag https://www.ucd.ie/hr/resourcing/eligibilitytocompete/

Fáiltíonn UCD roimh iarratais ó chách. Táimid tiomanta do thimpeallacht a chruthú ina ndéantar an éagsúlacht a cheiliúradh agus ina dtugtar comhionannas deiseanna do chách. Foghlaim tuilleadh faoin Éagsúlacht ag https://www.ucd.ie/workatucd/diversity/

Soláthrófar socruithe réasúnacha d'aon iarrthóir le linn an phróisis agallaimh a nochtann go bhfuil míchumas orthu nó go bhfuil siad néara-éagsúil.

## Critéir Roghnúcháin

Tá Creat Teaghlaigh Poist ag UCD agus tá an ról seo mar chuid den **Teaghlach Poist um Bainistíocht & Oibríochtaí Acadúla & Cláir agus ailíníonn sé le Leibhéal Gairme 3.** Tá tuilleadh sonraí maidir leis na hinniúlachtaí feidhmiúla agus na príomhinniúlachtaí leagtha amach sa Chreat Teaghlaigh Poist ar fáil ag: https://www.ucd.ie/hr/promotionsgrading/jobfamilies/

Éigeantach:

**Taithí agus Cáilíochtaí**

- Taithí oibre ghairmiúil 3-4 bliana le réimse éagsúil mac léinn i suíomh oideachais nó i suíomh comhchosúil agus/nó céim tríú leibhéal i ndisciplín ábhartha.
- Scileanna cumarsáide agus eagrúcháin dea-fhorbartha.
- Taithí roimhe seo ar chleachtas cuimsitheach
- Eolas ar na dúshláin a bhaineann le rannpháirtíocht a leathnú do gach grúpa atá faoi ghannionadaíocht.

**Inniúlachtaí Feidhmiúla**

- **Bainistíocht Sonraí (Leibhéal Oilteachta 2):** Eolas láidir ar dhea-chleachtas maidir le bainistiú sonraí.
- **Athléimneach Oibríochtúla (Leibhéal Oilteachta 2):** Cumas substaintiúil chun seasmhacht agus feidhmíocht a choinneáil i dtascanna laethúla agus gníomhú go héifeachtach agus iad faoi bhrú.
- **Tacaíocht, Treoir agus Comhairle (Leibhéal Oilteachta 2):** Cumas láidir tacaíocht agus treoir a sholáthar do mhic léinn, don fhoireann teagaisc agus do bhaill fhoirne, agus cur amach agus inniúlacht a fhorbairt i ndáil le seirbhísí tacaíochta eile agus cathain is ceart dul i ngleic leo.
- **Grinneas Teicniúil (Leibhéal Oilteachta 2):** Cumas suntasach eolas teicniúil, scileanna agus breithiúnas a chur i bhfeidhm chun torthaí a bhaint amach. Inniúlacht a fhorbairt maidir le bealaí a aithint chun seirbhís a fhorbairt agus a fheabhsú ó thaobh an chustaiméara de.

**Príomhinniúlachtaí**

- **Caidreamh a fhorbairt (Leibhéal Inniúlachta 2):** Neart taithí ar a bheith ag obair mar bhall foirne agus an cumas a bheith ag obair le foirne éagsúla ag an am céanna.
- **Cumarsáid Éifeachtach (Leibhéal Inniúlachta 3):** Scileanna riaracháin, eagrúcháin agus cumarsáide den scoth. Scileanna idirphearsanta agus cumarsáide an-éifeachtach, le cumas inléirithe comhoibriú le daoine laistigh agus lasmuigh den ollscoil agus caidreamh éifeachtach a chothú leo.
- **Athrú a Bhainistiú (Leibhéal Oilteachta 2):** Taithí ar phróisis athbhreithnithe agus ar fheabhsú leanúnach seirbhíse.
- **Bainistíocht Tionscadail (Leibhéal Oilteachta1):** Taithí ar anailís a dhéanamh ar shaincheisteanna casta, tuarascálacha a dhréachtú, cuir i láthair a dhéanamh, agus cur le tionscadail.
- **An Cumas Oibriú as do Stuaim Féin (Leibhéal Oilteachta 3):** Cumas gníomhú as do stuaim féin agus a bheith réamhghníomhach maidir le deiseanna agus réitigh a aithint. Taithí ar ualach oibre a eagrú in ord tosaíochta chun spriocdhátaí iomaíocha a chomhlíonadh agus ar ualach oibre casta a bhainistiú.
- **Fócas Seirbhíse agus Nuálaíocht (Leibhéal Oilteachta 3):** Cumas oibriú le hábhar rúnda ar bhealach discréideach; agus na caighdeáin ghairmiúla is airde a chinntiú de réir prótacal Cosanta Sonraí.
- **Feasacht Eagraíochta (Leibhéal Inniúlachta 2):** Eolas ar bheartais agus nósanna imeachta ollscoile. Eolas ar reachtaíocht iomchuí agus a cur chun feidhme (e.g. an tAcht um Míchumas 2005, an tAcht um Stádas Comhionann 2000 - 2008).

**Critéir Éigeantacha mar chuid de Chlár Oibre Comhionannais, Éagsúlachta agus Ionchuimsithe UCD**

- Ní mór d'iarrthóirí feasacht ar an gclár oibre um chomhionannas, éagsúlacht agus ionchuimsiú a léiriú.

Inmhianaithe:

- Taithí shuntasach de bheith ag obair le mic léinn ollscoile nó i suíomh oideachais.
- Taithí de bheith ag obair le raon grúpaí atá faoi ghannionadaíocht san ardoideachas
- Solúbtha agus inoiriúnaithe maidir le tosaíochtaí iomadúla agus buaicphointí séasúracha a bhainistiú in ualach oibre na Seirbhíse.

**Eolas Breise:**

| | |
|---|---|
| An Ollscoil: | https://www.ucd.ie/ |
| Straitéis UCD go dtí 2030<br>Teorainneacha a Shárú | https://strategy.ucd.ie/ |
| Coláiste / Aonad Bainistíochta | Rochtain & Foghlaim ar feadh an tSaoil |
| Scoil / Aonad | Tacaíochtaí Iariontrála do Mhic Léinn |
| Comhionannas, Éagsúlacht agus Cuimsiú ag UCD | https://www.ucd.ie/workatucd/diversity/ |

**Fiosrúcháin Neamhfhoirmeálta AMHÁIN chuig:**

| | |
|---|---|
| Ainm: | Michelle Tracey |
| Teideal: | Senior Access Student Support Officer<br>Oifigeach Tacaíochta Sinsearach um Rochtain na Mac Léinn |
| Seoladh ríomhphoist: | michelle.tracey@ucd.ie |
| Fón: | 01 7167580 |